# 07 Seiceálacha Fíorúcháin ar Chláir arna gCeadú ag BCC

**Stair na nAthruithe**

| Ainm an Doiciméid | Seiceáil Fíorúcháin BCC |
|---|---|
| Dáta an Fhoilsithe | 15 Aibreán 2024 |
| Úinéir an Doiciméid | Rúnaíocht BCC |

**Rialú Leaganacha**

| Dáta an Chuir in Eagar | Uimh. an Leagain (tar éis cur in eagar) | Eagarthóir | Cur Síos ar an Athrú, e.g., uimhir leathanaigh na n-athruithe a rinneadh/achoimre ar na hathruithe a rinneadh |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

## 1. Seiceálacha Fíorúcháin ar Chláir arna gCeadú ag BCC

i. Forchoimeádann BCC an ceart chun seiceálacha fíorúcháin a dhéanamh ar oibriú cláir cheadaithe tráth ar bith le linn a oibrithe.

ii. Féadfaidh seiceálacha fíorúcháin:
   a. a bheith ina seiceálacha randamacha
   b. a bheith ina seiceáil dhírithe ar nithe ar leith mar gheall ar fhaisnéis a tháinig ar aird BCC
   c. a bheith ina seiceáil dhírithe ar nithe a bhfuil spéis ar leith ag BCC iontu faoi láthair

iii. Féadfaidh seiceálacha fíorúcháin a bheith sna riochtaí seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:
   d. Spotseiceálacha ar shaincheisteanna neamhspleácha scoite
   e. Anailís níos doimhne ar shaincheisteanna nó réimsí imní ar leith nach sroicheann leibhéal an athbhreithnithe iomláin ar chur chun feidhme.
   f. Iarraidh i scríbhinn ar shonraí/ar fhaisnéis arna scaipeadh ar na hinstitiúidí ardoideachais uile, nó ar fhothacar sonrach institiúidí ardoideachais, maidir le saincheist shonrach

iv. Mar chuid den tseiceáil fíorúcháin, féadfaidh BCC cibé doiciméadacht nó faisnéis a lorg chun é féin a shásamh maidir le comhleanúnachas leantach an chláir leis na Critéir Dámhachtana Ghairmiúla agus Treoirlínte.

v. A mhéid is mó is féidir, déanfaidh BCC seiceálacha fíorúcháin go fíorúil ach féadfaidh sé cuairt a thabhairt ar an institiúid ardoideachais ar an láithreán.

vi. Cuirfidh Rúnaíocht BCC an institiúid ardoideachais ar an eolas faoin rún atá aici seiceáil fíorúcháin a dhéanamh agus faoi chuspóir na seiceála agus tabharfaidh sí don institiúid ardoideachais spriocdhátaí agus amlínte ionchais le haghaidh an phróisis fíorúcháin de réir mar is gá.

vii. Féadfaidh Rúnaíocht BCC an próiseas sin a dhéanamh go hinmheánach nó féadfaidh sé athbhreithneoir a cheapadh ón bpainéal saineolach athbhreithneoirí ceadaithe.

viii. Féadfaidh comhaltaí de BCC cabhair agus comhairle a thabhairt don Rúnaíocht le linn di seiceálacha fíorúcháin a dhéanamh.

ix. Cuirfidh Rúnaíocht BCC an institiúid ardoideachais ar an eolas faoi na baill den fhoireann seiceála fíorúcháin roimh ré. Beidh feidhm ag ceanglais rúndachta agus ag ceanglais coinbhleachta leasa sa dóigh chéanna a bhfuil feidhm acu maidir le hathbhreithneoirí ar chláir atá le ceadú ag BCC.

x. Déanfaidh Rúnaíocht BCC teagmháil leis an institiúid ardoideachais chun na torthaí ar an tseiceáil fíorúcháin a phlé agus tabharfar an deis don institiúid ardoideachais aon fhadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ann a réiteach.

xi. Má aimsítear nach bhfuil institiúid ardoideachais ag comhlíonadh na gCritéar Dámhachtana Gairmiúil agus Treoirlínte, cuirfear an méid sin in iúl do BCC, a dheimhneoidh an gníomh atá le déanamh. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis na gníomhartha atá le déanamh an ceadú ó BCC atá ag clár a bhaint, nó tréimhse ama shainithe a chur i bhfeidhm ar lena linn nach mór don institiúid ardoideachais an fhadhb a réiteach, nó gníomhartha eile a dhéanamh.

xii. Cuirfidh Rúnaíocht BCC an toradh ar sheiceáil fíorúcháin in iúl don institiúid ardoideachais i scríbhinn.

xiii. Beidh institiúidí ardoideachais in ann achomharc a dhéanamh i gcoinne an toraidh ar sheiceáil fíorúcháin faoi phróiseas achomhairc BCC atá ann cheana.